



2. Cúige Uladh_2

CEACHTANNA

Dáta an chláir: 07.12.2008

Eochair: NÓM = Nollaig Ó Muraíle, MH = Mícheál Holmes

Athscríobh:

NÓM: 'Dún', áit daingin, míleata go hiondúil, agus an focal 'gall', bhí beagán argóna ann tamall de bhlianta ó shin cé acu 'gall' a chiallaigh 'eachtrannach', duine ón taobh amuigh nó ar chiallaigh sé 'gallán cloiche' mar atá i nGaillimh, cloch mhór. Measaim féin, ar an iomlán, gur dóigh gur eachtrannaigh agus is dóigh sa chás seo Lochlannaigh atá i gceist. Tagann 'gall' i dtosach ón bhfocal 'Gaul' na Fraince agus úsáideadh é ina dhiaidh sin mar théarma do dhuine ar bith ón taobh amuigh. Ar ndóigh thagair sé go hiondúil sa luath-thréimhse do na Lochlannaigh ansin tar éis teacht na Normannach úsáideadh é ag tagairt do na Sasanaigh.

Tá dún eile, ar ndóigh, i gCúige Uladh sin **Co. an Dúin. Dún Dá Leathghlas** an seanainm a bhí air, sin *Downpatrick* ar ndóigh, rinneadh **Dún Pádraig** as níos deireanaí. Ach **Dún Dá Leathghlas** agus 'glas' focal a chiallaíonn 'sruthán' agus dhá leathghlas, cineál leath, ar leataobh dhá shruthán ag teacht isteach ón taobh nó ón leataobh...

MH: Nach bhfuil áit i dTiobraid Árann, *Terryglass*?

NÓM: Tá, **Tír Dhá Ghlas**, an rud céanna agus **Glas Naíon**, tá sé coitianta ach díreach an 'leathghlas' tá sé cineál neamhghnách agus **Dún Dá Leathghlas** 'fort of the two side streams' an míniú a thug Deirdre Uí Fhlannagáin, saineolaí mór logainmneacha Uladh ar an áit. Ansin tugadh **Dún Pádraig** ar níos deireanaí tar éis do na Normannaigh theacht sa treo sin. John de Courcy a ghabh an ceantar sin sa bhliain 1177. Bíodh is gur eachtrannach é, tháinig sé as deisceart Shasana, ach bhí an-chion aige ar Naomh Pádraig agus thacaigh sé go láidir le cultas Phádraig, thug seisean an t-ainm **Dún Pádraig** nó **Dún Phádraig** ar an áit nó *Downpatrick*.

Ansin tagaimid go dtí **Fear Manach**, ceann de na cinn is sine. An focal 'manach' sin na manaigh agus ní 'manach' sa chiall duine a bheadh lonnaithe i mainistir ach pobal daoine, na manaigh nó na monaigh, scríobhtar iad M-O-N-A-I-G-H agus M-A-N-A-I-G-H. Dream daoine atá luaite ag Ptolemy, an chéad duine a chur síos ar an tír seo, timpeall na bliana 150, sin beagnach 1900 bliain ó shin, fear ó Alexandria na hÉigipte, scoláire Gréagach a scríobh cuntas ar an domhan ar fad agus ceann de na dreamanna daoine a luaigh sé in Éirinn ná Manapii agus bhí na Manapii nó na Manapi luaite ag Caesar agus é ag tagairt don Ghail nó don Fhrainc agus do dheisceart na Breataine, is iad an dream céanna iad, treabhchas Ceilteach a bhí forleathan ar fud iarthar na hEorpa, is cosúil, agus na hoileáin seo agus an dream seo atá luaite ag Ptolemy bhí siad lonnaithe i g**Co. Loch Garman** an lae inniu, ach tá cuntas againn sna seanfhoinsí Gaelacha faoin dream seo, gur ruaigeadh as **Loch Garman** iad ó thuaidh, gur chuir siad fúthu i g**Co. an Dúin** agus ansin tá sé luaite sna seanghinealaigh gur bhog cuid acu siar go dtí ceantar **Loch Éirne**, tugadh manaigh Locha Éirne orthu agus is as sin a tháinig an t-ainm **Fear Manach**

MH: Níl aon bhaint ag an bhfocal 'manach' leis an sagart

NÓM: Ní hea, 'the men of the Menapii' é a aistriú mar sin.

Ansin **Muineachán**, seo ainm réasúnta deireanach níl trácht air go dtí deireadh an 14ú aois agus tagann sé ón bhfocal 'muine', cineál sceaigh nó crainnte beaga. Tá ábhar argóna i gcás Mhuineacháin féin, muintir na háite deireadh siad leat nach ag tagairt do sceaigh nó aon rud mar sin atá an t-ainm ach do chnoic bheaga agus tá fianaise áirithe ann, is dóigh liom, go raibh an dara brí le 'muine' i ndeisceart Uladh go mb'fhéidir gur chiallaigh sé cnoc beag agus bheadh sé sin feiliúnach go maith do cheantar Mhuineacháin agus sin é an leagan a thaitníonn le muintir na háite ar chaoi ar bith, b'fhéidir gur féidir an méid sin a ghéilleadh dóibh

Agus ar deireadh **Tír Eoghain**, caithfidh mé a rá go n-aontaím le duine éigin a scríobh isteach ag an raidió le deireanas ag clamhsán faoi dhaoine ag caint faoi **Tyrone**, gur **Tyrone** ba cheart a rá. Pé scéal é 'tír', ceart go leor, agus 'Eoghan', an t-ainm pearsanta 'Eoghan', seo Eoghan, mac le Niall Naoighiallach a bhfuil a ainm freisin le fáil in **Inis Eoghain**, b'in an chéad Tír Eoghain, mar a déarfá, agus bhog a shliocht soir ó dheas ina dhiaidh sin isteach i lár Uladh ar ar tugadh an t-ainm stairiúil Tír Eoghain

MH: An t-ainm stairiúil **Tír Eoghain**.



2. Cúige Uladh_2

CEACHTANNA

Ceisteanna:

1. Cén dá chiall atá leis an bhfocal 'gall'?

.....

2. Cad is brí leis an mír 'glas' sna logainmneacha **Tír Dhá Ghlas** agus **Glas Naíon**?

.....

3. Cén míniú den ainm **Muineacháin** a thaitníonn le muintir Mhuineacháin, crainn bheaga nó cnoic bheaga?

.....

4. Tá **Tír Eoghain** ainmnithe as Eoghan, mac le Niall Naoighiallach. Ach cad is ainm don chéad áit a ainmíodh as Eoghan?

.....

5. Meaitseáil na contaetha leis na mbríonna atá leo dar le Nollaig Ó Muraíle.

Contae	Brí
Dún na nGall	pobal na manach
An Dún	crainn bheaga
Fear Manach	dún/áit dhaingean na n-eachtrannach
Muineachán	tír + Eoghan
Tír Eoghain	an dún/áit dhaingean